II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

COMHAONTUITHE IDIRNÁISIÚNTA

CINNEADH (AE) 2022/2562 ÓN gCOMHAIRLE

an 24 Deireadh Fómhair 2022

maidir le síniú, thar ceann an Aontais, agus cur i bhfeidhm sealadach n Chreat-Chomhaontaithe maidir le Comhpháirtíocht Chuimsitheach agus Comhar Cuimsitheach idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Ríocht na Téalainne, den pháirt eile

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 209, i gcomhar le hAirteagal 218(5) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 25 Samhna 2004, d'údaraigh an Chomhairle an Coimisiún chun tús a chur le caibidlíocht leis an Téalainn i ndáil le Creat-Chomhaontú maidir le Comhpháirtíocht Chuimsitheach agus Comhar Cuimsitheach idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Ríocht na Téalainne, den pháirt eile ("an Comhaontú").

(2) Tugadh an chaibidlíocht maidir leis an gComhaontú i gcrích go rathúil trí inisealacha a chur leis an gComhaontú an 2 Meán Fómhair 2022 sa Bhruiséil.

(3) Is í is aidhm don Chomhaontú an comhar a neartú i raon leathan réimsí beartais trí chéile, lena n-áirítear cearta an duine, neamhleathadh arm ollscriosta, comharc na sceimhlitheoireachta, an comhrac in aghaidh an éillithe agus na coireachta eagraithe, trádáil, imirce, an comhshaol, fuinneamh, an t-athrú aeráide, iompar, eolaíocht agus teicneolaíocht, fostaíocht agus gnóthaí sóisialta, oideachas agus talmhaíocht.

(4) Ba cheart an Comhaontú a shíniú thar ceann an Aontais, faoi réir a thabhairt i gcrích tráth níos déanaí.

(5) I bhfianaise an ghá an Comhaontú a chur i bhfeidhm sula dtiocfaidh sé i bhfeidhm tar éis do na Ballstáit é a dhaingniú, ba cheart forálacha áirithe den Chomhaontú a chur i bhfeidhm ar bhonn sealadach, go dtí go gcomhlánófar na nósanna imeachta is gá chun go dtiocfaidh sé i bhfeidhm,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, údaraítear an Creat-Chomhaontú maidir le Comhpháirtíocht Chuimsitheach agus Comhar Cuimsitheach idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Ríocht na Téalainne, den pháirt eile ("an Comhaontú") a shíniú thar ceann an Aontais Eorpaigh, faoi réir an comhaontú sin a thabhairt i gcrích. [1]

[1] Féach leathanach 72 den Iris Oifigiúil seo.

Airteagal 2

Leis seo, údaraítear d'Uachtarán na Comhairle an duine (na daoine) a ainmniú a mbeidh sé de chumhacht aige (acu) an Comhaontú a shíniú thar ceann an Aontais.

Airteagal 3

Go dtí go gcomhlánófar na nósanna imeachta is gá chun go dtiocfaidh sé i bhfeidhm, i gcomhréir le hAirteagal 59 den Chomhaontú agus faoi réir na bhfógraí dá bhforáiltear ann, ní chuirfear na codanna seo a leanas den Chomhaontú i bhfeidhm ar bhonn sealadach ([2]) idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na Téalainne, ach amháin a mhéid a chumhdaítear leo ábhair a thagann faoi inniúlacht an Aontais, lena n-áirítear ábhair a thagann faoi inniúlacht an Aontais maidir le Comhbheartas Eachtrach agus Slándála a shainiú agus a chur chun feidhme:

— Teideal I

— Teideal II

— Teideal III

— Teideal IV: Airteagail 20, 21, 22, 23, 25, 26, 27, 28, 29

— Teideal V: Airteagail 30, 31, 32, 34, 35, 36, 37, 38, 39, 40, 41, 42, 43, 44, 45, 46, 47, 48, 49

— Teideal VI

— Teideal VII

— Teideal VIII

— Dearbhú comhpháirteach maidir le hAirteagal 5

— Dearbhú comhpháirteach maidir le hAirteagal 23

Airteagal 4

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 24 Deireadh Fómhair 2022.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
A. HUBÁČKOVÁ

([2]) Foilseoidh Ardrúnaíocht na Comhairle an dáta óna mbeidh na codanna den Chomhaontú le cur i bhfeidhm go sealadach in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.